Ceist i gcomhair freagra scríofa E-005838/2018
ar an gCoimisiún
Riail 130
Liadh Ní Riada (GUE/NGL)

Ábhar: Cúiteamh d'úinéirí soithí iascaireachta a deimhníodh go míchruinn go raibh siad daingean sular ceannaíodh iad

An bhféadfadh an Coimisiún a dheimhniú an féidir le Ballstát úsáid a bhaint as an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), as Státchabhair nó as aon chlár eile mar chabhair nó mar chúiteamh d'úinéir soithigh iascaireachta a cheannaigh soitheach iascaireachta idir 15 agus 24 mhéadar ar fad, i mBallstát eile, a raibh deimhniú oifigiúil ón úinéir ag gabháil leis inar cuireadh in iúl, go míchruinn, go raibh an soitheach daingean?

An bhféadfadh an Coimisiún a shoiléiriú ar cheart ceannaitheoir an tsoithigh a chúiteamh, tar éis dó a fháil amach nach bhfuil sé sábháilte de dheasca fabht sa dearadh nó locht folaithe, in ainneoin an mhéid a cuireadh in iúl sa deimhniú maidir le daingne, chun gur féidir leis athruithe a dhéanamh ar an soitheach chun go mbeidh sé sábháilte agus daingean don chriú agus do ghníomhaíochtaí iascaireachta?